CEACHT 4

SA BHAILE



Pictiúr: Radharc:

Sa chistin (Ceacht 2), scuab ina láimh ag Mamaí, Nóirín ag oscailt an dorais (Ceacht 3), an madra ag teacht isteach, Nóirín ag súgradh leis, briosca ina láimh aici, Páid agus Bríd (Ceacht 3), Páid agus Bríd ar scoil (sa chiorcal cainte); comhartha ceiste, Páid ag tabhairt a bhricfeasta do Spota, le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann. Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

D'fhan Mamaí agus Nóirín sa bhaile. Scuab Mamaí an t-urlár. D'oscail Nóirín an doras. Tháinig an madra isteach. Thosaigh Nóirín ag súgradh leis. Thug sí briosca dó.

Agallamh

MADRA: Uf! uf!
NÓIRÍN: Tá ocras ar Spota.
MAMAÍ: Thug Páid a bhricfeasta dó.
NÓIRÍN: Cá bhfuil Páid agus Bríd anois, a Mhamaí?
MAMAÍ: Tá siad ar scoil fós.
NÓIRÍN: Céard atá siad a dhéanamh?
MAMAÍ: Tá siad ag foghlaim na gceachtanna, is dócha.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Céard faoi Mhamaí agus Nóirín?
Céard a rinne Mamaí?
Agus Nóirín?
Tháinig an cat isteach?
Céard a rinne Nóirín?
Agus ansin?

Tusa an madra, céard a deir tú?
Tusa, a "Nóirín", céard a deir tú faoi Spota?
Céard a deir tusa faoi Pháid, a "Mhamaí?"
Cuir ceist ar Mhamaí faoi Pháid agus Bhríd, a "Nóirín".
Inis di, a "Mhamaí".
Cuir ceist eile fúthu, a "Nóirín".
Inis di, a "Mhamaí".

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Thug sí *briosca* dó.
   (*feoil, iasc, práta, cabáiste, bainne, uisce, arán*).
2. Thug sí briosca *dó*.
   (*mise, tusa, ise, sibh, iadsan*).
3. *Tháinig* an madra isteach.
   (*anois,* amárach;* níor: *inné;* ar?: *inné,* an?: *amárach*).
4. Tá *siad* ag foghlaim.
   (*mé, tú, sé, sí*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma beag:
   Daidí agus Páid sa bhaile; Mamaí agus Nóirín ag dul go dtí an siopa.
3. Dráma beag eile bunaithe ar na briathra:
   ag scuabadh, ag ní na gcupán, ag ithe,
   nó Scéilín m.sh. an obair a rinne Mamaí i rith an lae.
4. Comhrá ar an bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

*"Tá an madra *ag teacht* isteach".

5. Cluiche Tomhais:
   Céard atá ina láimh ag . . .?.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Tá Mamaí sa bhaile
Ag obair sa chistin,
Tá Daidí amuigh
Agus Nóirín bheag sa teach,
D'oscail sí an doras
Tháinig Spota isteach,
Uff . . .
Agus rith sé amach.

II

Tá Mamaí sa chistin,
Ag obair sa chistin,
Ag ní na gcupán.
Is ag scuabadh an urláir.
Tá Páid agus Bríd ar scoil
Ag súgradh ins an gclós,
Tá Nóirín bheag sa bhaile fós
Mar tá sí ró-óg.